**2018. M.86T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(300 marc)**

DÉ hAOINE, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.
- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas: Is gá topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.
- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar seo a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.
- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

### Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) (a) Déan achoimre ar an gcomhairle a thug Peiricléas do na hAithnigh ar conas an cogadh le Sparta a stiúradh. (30)

(b) Ar cheannaire maith ar an Aithin é Peiricléas, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar Chath Amfapoil in 422 R.Ch. (40)

(b) Cén fáth a raibh an cath sin tábhachtach, dar leat? (10)

(iii) Díreach sular imigh an tSluaíocht Aithneach chun na Sicile, loiteadh na Hermae.

(a) Cad ba ea na Hermae agus cén fáth a raibh siad chomh tábhachtach sin do na hAithnigh? (10)

(b) Mínigh an conas a thug an lot a rinneadh ar na Hermae ar Alcaibiadéas éirí as an tSluaíocht chun na Sicile. (20)

(c) Déan cur síos ar cad a rinne Alcaibiaidéas tar éis dó an tSluaíocht chun na Sicile a fhagáil. (20)

(iv) Scríobh nótaí ar **aon bheirt** díobh seo a leanas:
Agis, an Rí Spartach; Déamastainéas, an ginearál Aithneach; Nicias, an ginearál Aithneach.
(25, 25)

---

### Topaic 2. Alastar Mór.

(i) In 332 R.Ch. chuir Alastar agus a arm chathair na Tuíre faoi léigear.

(a) Mínigh conas a d'fhág suíomh na Tuíre go raibh sé chomh deacair sin í a ghabháil. (10)

(b) Cad íad modhanna a d'úsáid Alastar i léigear na Tuíre? (30)

(c) Cén tuairim atá agat den caoi ar chaith Alastar le saoránaigh na Tuíre nuair a bhuaigh sé orthu? (10)

(ii) Scríobh notaí ar aon **bheirt** díobh seo a leanas:
Pilib, athair Alastair; Cléiteas, ceannasaí in arm Alastair; Hephaestion, comrádaí Alastair.
(25, 25)

(iii) (a) Cad iad na botúin a rinne Dáirias ina fheachtas in aghaidh Alastair, dar leat? Bíodh tagairt agat don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (25)

(b) Cad iad bealaí inar éirigh stíl ríogachta Alastair níos cosúla le stíl Dháiriais nuair a fuair sé an lámh in uachtar ar an bPeirs? (25)

(iv) (a) Cad iad na tréithe de chuid Alastair a bhfuil an meas is mó agat orthu? Bíodh tagairt agat don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (25)

(b) Céard é nach dtaitníonn leat thar aon ní eile faoi Alastar? Bíodh tagairt agat don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (25)

---

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) Nuair a d'fhill Iúil Caesar ón mBitín ghabh píoráidí é.

- (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar iompair Caesar é féin i leith na bpíoráidí le linn dó a bheith ina phríosúnach acu. (25)
- (b) Cad a tharla do na píoráidí nuair a scaoileadh Caesar saor? (15)
- (c) Cad a léiríonn an eachtra seo faoi charachtar Chaesair? (10)

(ii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar imir an baincéir Sioracúsach, Pitias, cleas ar an Rómhánach saibhir, Gáias Canias chun réadmhaoin a cheannach. (Cicearó: *Conas cinntí cearta a dhéanamh*) (35)

- (b) Cén tuairim atá ag Cicearó ar iompar Phitiais? (15)

(iii) (a) "Poimpéas Mór" a thugtaí ar Phoimpéas. An dóigh leat gur thuill sé an teideal sin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (25)

- (b) Tabhair cuntas ar an gcaoi a bhfuair Poimpéas bás agus é san Éigipt. (25)

(iv) (a) Dar le Sallaistias in *Mórgacht agus Meath na Róimhe*, cad iad na tréithe ba chúis le mórgacht na Róimhe sna seanlaethanta? (25)

- (b) Céard a deir Sallaistias is cúis le meath na Róimhe ina aimsir féin? (25)

---

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) "Fuair mé an Róimh agus í tógtha le brící: fágaim í gléasta i marmar." (Ágastas)

- (a) Cén chaoi ar chuir Ágastas feabhas ar an gcuma a bhí ar chathair na Róimhe? (15)
- (b) Cad iad na bearta a rinne Ágastas le cathair níos sábháilte a dhéanamh den Róimh le cónaí intí? (15)
- (c) Céard a rinne Ágastas chun siamsaíocht a chur ar fáil do shaoránaigh na Róimhe? (20)

(ii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar éirigh Séánas chomh cumhachtach sa Róimh. (35)

- (b) Déan cur síos ar an gcaoi ar thug Tibir turnamh agus bás Shéánas chun cinn. (15)

(iii) Scríobh nótaí ar **aon bheirt** díobh seo a leanas:
Cléópatra, banríon na hÉigipte; Marcas Agrippa, ginearál Ágastas; Agrippina, bean chéile Chláidias. (25, 25)

(iv) Nuair a bhí Tibir ina impire, thosaigh ceannaircí in Pannonia agus sa Ghearmáin.

- (a) Cad iad na gearáin a bhí ag na saighdiúirí a chuaigh chun ceannairce? (25)
- (b) Déan cur síos ar an gcaoi ar chuir Drúsas agus Gearmánacas deireadh leis na ceannaircí. (25)

---


GRÚPA II: Topaicí 5 go 7
Thall

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

### Topic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas cé hiad an Cór? (5)
(b) Cén meon atá ag an gCór i leith Éideapús ag tús an dráma? (20)
(c) Cén meon atá acu i leith Éideapús ag deireadh an dráma agus cén fáth ar athraigh a meon? (25)

(ii) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas mínigh cén fáth a bhfuil ríméad ar Éideapús agus Iocasta leis an scéal go bhfuair Polaibeas, Rí na Corainte, bás. (15)
(b) Cén fáth a ndeir Iocasta gur cuma faoi na tairngreachtaí mar "nach meánn said brobh"? (15)
(c) Céard a insíonn an teachtaire as an gCoraint d'Éideapús faoina dhúchas? (20)

(iii) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, dúnmharaíonn Méidé a beirt pháistí.
(a) Mínigh cén fáth a ndéanann Méidé coir uafásach dá leithéid. (30)
(b) Cá bhfios dúinn go bhfuil na déithe ag tacú le Méidé? (20)

(iv) (a) Déan cur síos ar an teacht le chéile deireanach idir Iasón agus Méidé sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. (35)
(b) An bhfuil deireadh an dráma sásúil nó míshásúil duit? Mínigh do fhreagra. (15)

---

### Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i) (a) Déan cur síos ar an gcaoi a dtiteann Díodó agus Aeinéas i ngrá agus a dtéann siad ina leannáin san *Aenéid* le Veirgil. (30)
(b) Cén fáth a bhfágann Aeinéas Díodó agus a seolann sé thar saile go dtí an Iodáil? (10)
(c) Cén tuairim atá agat den chaoi ar chaith Aeinéas le Díodó? (10)

(ii) Tugann Aeinéas cuairt ar an Domhan Thíos i leabhar 6 den *Aeinéid*.
(a) Cén fáth a dteastaíonn ó Aeinéas cuairt a thabhairt ar an Domhan Thíos? (10)
(b) Cad iad na créatúir a fheiceann Aeinéas ar an mbealach isteach go dtí an Domhan Thíos? (15)
(c) Cén radharc is gá don tSibil a mhíniú d'Aeinéas ar bhruacha abhainn an Stiocs? (15)
(d) Cad a insíonn Ancaiséas, athair Aeinéas, dó faoi chinniúint na Róimhe sa todhchaí? (10)

(iii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, déan cur síos ar Chath an Halla, ina bhfaigheann Odaiséas agus Teilimiceas an ceann is fearr ar na Suirígh. (30)
(b) An raibh a gcinniúint tuillte ag na Suirígh, dar leat? Mínigh do fhreagra. (20)

(iv) Nuair a fhilleann Odaiséas ar Ithaca san *Odaisé* le Hóiméar, tá sé faoi bhréagriocht mar bhacach ionas go bhfaighidh sé amach cé a bhí dílis dó agus cé hé nach raibh.
(a) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfaigheann Odaiséas amach go bhfuil Eomaes, an t-aoire muc, ag tacú leis. (15)
(b) Cén chaoi a gcaitheann an t-aoire gabhar, Meilintias, le hOdaiséas? (10)
(c) Cén chaoi a dtástálann Péinealaipé Odaiséas le cinntiú gurb é an té a deir sé? (25)

---

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar na dánta dualgais le Proipeirtias ar do chúrsa, an aontófá go bhfuil meon diúltach aige i leith na mban? (30)

(b) Cén dán is fearr leat le Proipeirtias? Minigh do fhreagra agus tagairt agat don dán. (20)

(ii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuair Romalas mná céile dá chuid fear in *Mná Saibíneacha* le Livias. (35)

(b) Cén tuairim atá agat ar iompar na Rómhánach ar an ócáid sin? Tabhair cúis le do fhreagra. (15)

(iii) (a) Sna dánta *Bailígí Cocáin Róis*, *Caithfimíd Uile Bás a Fháil* agus *Stopaigí den Chaoineadh* le Horáit, cén chomhairle faoi mhaireachtáil a thugann sé dá léitheoirí? (30)

(b) An dtagann tú le tuairimí Horáit faoin saol? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat do na dánta. (20)

(iv) (a) Ón léamh atá déanta agat ar Heirciléas agus Cacas le Veirgil, cén choir a dhéanann Cacas in aghaidh Heirciléis agus cén chaoi a bhféachann sé lena ceilt? (20)

(b) Cén chaoi a bhfaigheann Heirciléas amach faoin gcoir? (15)

(c) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfaigheann Heirciléas an ceann is fearr ar Chacas. (15)

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

## Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** teampall cáiliúil san Aithin.

- (a) Ainmnigh an teampall a léirítear ann. (5)
- (b) Cén t-ord inar tógadh an teampall? (5)
- (c) Déan cur síos ar an teampall agus úsáid na téarmaí cearta ailtireachta. (30)
- (d) Cén fáth a mbraitear gur foirgneamh chomh neamhghnách sin é an teampall seo? (10)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf B** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo.

- (a) Cad a thugtar ar an dealbh seo? (5)
- (b) Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfaí é. (15)
- (c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)
- (d) Cén chaoi a bhfuil an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil dá tréimhse? (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** meatóp ón bPartanón.

- (a) Cad is meatóp ann? (Féadann tú sceitse a úsáid mar fhreagra.) (10)
- (b) Mínigh an téarma "dealbhóireacht rilífe". (10)
- (c) Céard atá ar siúl sa radharc? (15)
- (d) Cén chaoi ar chuir an dealbhóir gluaiseacht agus drámaíocht in iúl sa mheatóp seo, dar leat? (15)

(iv) Déan staidéar ar **Fhótagraif D** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo.

- (a) Ainmnigh an té I lár na dealbhóireachta agus mínigh cad atá ag tarlú sa radharc. (15)
- (b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbhóireacht seo? (10)
- (c) Cad iad na bealaí a bhfuil an dealbhóireacht ina heiseamláir thipiciúil den tréimhse seo? (15)
- (d) Rinne an scríbhneoir Rómhánach Plinias cur síos ar an dealbhóireacht seo mar cheann "ba choir taitneamh a thabhairt dó de rogha ar gach ceann eile". An dtagann tú lena thuairim? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

---

## Topaic 9. An fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) (a) Cad iad na rialacha a leag Platón síos dá Rialtóirí maidir le bia agus tithíocht? (15)

(b) Cén meon a bhí ag Platón i leith a Rialtóirí agus i leith réadmhaoin phríobháideach? (20)

(c) An raibh rialacha Phlatón i leith réadmhaoin phríobháideach praiticiúil, dar leat? Mínigh do fhreagra. (15)

(ii) De reír Sócraitéas in *An Phoblacht* le Platón, baineann na tréithe seo leis an stát idéalach: críonnacht, misneach, féinsmacht agus ceartas.

(a) Cá bhfuil na tréithe seo le fáil i stát idéalach Shócraitéas? (35)

(b) "Ciallaíonn ceartas aire a thabhairt ar do ghnó féin." (Platón: *An Phoblacht*) Cad atá i gceist ag Sócraitéas leis an ráiteas sin? (15)

(iii) (a) Tabhair cuntas i d'fhocail féin ar fháthscéal an Chaptaein Mhara le Platón. (35)

(b) Mínigh cad ba mhaith le Platón go dtuigfimis ón bhfáthscéal seo, dar leat. (15)

(iv) (a) Nuair a d'fhiafraigh Sócraitéas de Cheifealas an raibh an tseanaois deacair, cén freagra a thug Ceifealas air? (30)

(b) De reír Ceifealas, cén chaoi ar chabhair do dhuine é a bheith saibhir agus é sean? (20)

---


**Topaic 10** → **Thall**

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Ríómhánach.

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** áirse chathréime cháiliúil.

(a) Ainmnigh an áirse chaithréime seo agus abair cá háit a bhfuil sí suite. (10)
(b) Cén fáth ar thóg na Rómhánaigh áirsí dá leithéid seo? (15)
(c) Déan cur síos mion ar an áirse a léirítear, agus úsáid na téarmaí cearta ailtireachta. (25)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** múrealaíne cáiliúil.

(a) Cad a thugtar ar an saothar múrealaíne seo? (5)
(b) Déan cur síos mion ar an saothar múrealaíne seo. (30)
(c) Déan cur síos ar na cineálacha péintéireachtaí a thaitníodh leis na Rómhánaigh ar a gcuid ballaí. (15)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** agus **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** dealbh bhrád mná.

(a) Déan cur síos ar an dá dhealbh. (20)
(b) Cad iad na bealaí a bhfuil an dá dhealbh ina n-eiseamláirí thipiciúla den dealbhóireacht phortráide Rómhánach? (20)
(c) An dóigh leat gur dealbhóireachtaí maithe iad seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** imprisean ealaíontóra den taobh istigh den Bhaisleac Nova.

(a) Cén fheidhm a bhaintí as baisleaca? (15)
(b) Cá háit a mbíodh na baisleaca suite de ghnáth sna bailte agus sna cathracha Rómhánacha? (10)
(c) Scríobh cur síos achomair ar an mBaisleac Nova agus úsáid na téarmaí cearta ailtireachta. (25)

---